**Ceist i gcomhair freagra scríofa E-001252/2018**
**ar an gCoimisiún**
Riail 130

**Josep-Maria Terricabras (Verts/ALE), Jordi Solé (Verts/ALE), Ernest Urtasun (Verts/ALE), Lola Sánchez Caldentey (GUE/NGL), Xabier Benito Ziluaga (GUE/NGL), Matt Carthy (GUE/NGL), Lynn Boylan (GUE/NGL), Liadh Ní Riada (GUE/NGL), Maria Lidia Senra Rodríguez (GUE/NGL), Miguel Urbán Crespo (GUE/NGL), Curzio Maltese (GUE/NGL), Igor Šoltes (Verts/ALE), Benedek Jávor (Verts/ALE), Bart Staes (Verts/ALE), Tania González Peñas (GUE/NGL), Josu Juaristi Abaunz (GUE/NGL), José Bové (Verts/ALE), Florent Marcellesi (Verts/ALE), Ángela Vallina (GUE/NGL), António Marinho e Pinto (ALDE), Ramon Tremosa i Balcells (ALDE), Barbara Spinelli (GUE/NGL), Luke Ming Flanagan (GUE/NGL), Tatjana Ždanoka (Verts/ALE), Martina Anderson (GUE/NGL), Marie-Pierre Vieu (GUE/NGL), Mark Demesmaeker (ECR), Estefanía Torres Martínez (GUE/NGL), Stelios Kouloglou (GUE/NGL), Helmut Scholz (GUE/NGL) agus Bodil Valero (Verts/ALE)**

Ábhar: Saoirse tuairimí a nochtadh faoi bhagairt sa Spáinn

An tseachtain seo, ghearr Cúirt Uachtarach na Spáinne téarma príosúnachta trí bliana go leith ar an gceoltóir rap as Mallarca, Valtònyc, as móradh sceimhlitheoireachta agus béadchaint in aghaidh na Corónach ina fhocail amhráin[1]. Níos luaithe an tseachtain seo, d’ordaigh cúirt cóipeanna de leabhar dar teideal ‘Fariña’, ar leabhar é ina nochtar an caidreamh idir gáinneálaithe drugaí agus polaiteoirí áirithe, a urghabháil agus deireadh a chur lena phriontáil agus lena dhíol[2], agus aistarraingíodh saothar ealaíne ón taispeántas ealaíne ARCO[3]. Tá an ceoltóir rap, Pablo Hasél, a bhfuil béadchaint in aghaidh na Corónach agus an stáit curtha ina leith, ag fanacht le toradh a thrialach agus tá seans ann go gcuirfí i bpríosún é[4].

Tá an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tar éis rialú nach bhfuil Airteagal 490 de Chód Coiriúil na Spáinne, lena gcosnaítear institiúidí áirithe in aghaidh cion poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Níl aon athrú ar an airteagal seo agus is bunús dlí é le haghaidh na rialuithe thuasluaite.

An measann an Coimisiún go bhfuil Dlí na Spáinne 4/2015 agus Cód Coiriúil na Spáinne i gcomhréir go hiomlán le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 12 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

[1] https://politica.elpais.com/politica/2018/02/20/actualidad/1519138222_303069.html
[2] http://www.publico.es/culturas/farina-jueza-ordena-secuestro-cautelar-libro-farina-narcotrafico-gallego-peticion-exalcalde-grove.html
[3] http://www.lavanguardia.com/cultura/20180221/44950153381/arco-obra-santiago-sierra-presos-politicos-proces.html
[4] http://www.publico.es/sociedad/twitter-son-62-tuits-cancion-fiscalia-pide-3-anos-prision-40500-euros-rapero-pablo-hasel.html